Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**16094/1/23**
**REV 1**

**SOC 833**
**EMPL 598**
**GENDER 211**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15421/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d’fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Samhain 2023.

________________________-

**Aistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo**

**Conclúidí ón gComhairle**

**AGUS É Á AITHINT AICI:**

1. Go bhfuil, mar thoradh ar an dul chun cinn seasta ar chearta sóisialta agus ar fheasacht níos fearr ar an gceart atá ag gach duine saol iomlán a bheith acu, ar saol faoi dhínit é, ceisteanna á gcur maidir le samhlacha cúraim institiúideacha, a bhfuil idirdheighilt i gceist leo agus a chuireann teorainn le saoirsí bunúsacha i roinnt mhaith cásanna. Go bhfuil, le linn don athrú ó bhonn sin tarlú, dul chun cinn déanta maidir leis na samhlacha cúraim ghairmiúil agus go bhfuil athrú tagtha ar an tuiscint ar a bhfuil i gceist le cúram. Tacaíodh leis freisin le fianaise eolaíoch a dhearbhaíonn mórán easnamh a bheith sa chúram institiúideach, trí fheasacht shóisialta mhéadaithe maidir leis an tábhacht a bhaineann le sochaithe cothromaíocha a thógáil agus le príomhshruthú inscne, agus trí íogaireacht shóisialta a mhéadú agus tosaíocht fhorleathan a thabhairt do shamhlacha duinelárnaithe agus pobalbhunaithe. Ina theannta sin, is páirtí é an tAontas Eorpach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD) a leanann samhail chearta an duine maidir le míchumas chun dul i mbun dí-institiúidiú.

2. Baineann gné na hinscne go suntasach le cúram ar feadh an tsaoil. Is ar mhná atá an phríomhfhreagracht as obair chúraim gan íocaíocht agus obair chúraim ar íocaíocht araon a dhéanamh. Is mná iad beagnach 90 % díobh siúd atá fostaithe go sochrach san earnáil sin, ar figiúr é a mheastar a bheith ag 9.1 milliún san Eoraip, i bpoist a bhíonn forbhásach go minic, i bhformhór na dtíortha, agus a mbíonn pá íseal ag gabháil leo, easpa deiseanna forbartha gairme iontu agus tearcluach ag baint leo, rud a mhíníonn i bpáirt an easpa pearsanra oilte san earnáil sin san Eoraip agus go háirithe sna limistéir is bánaithe nó i réigiúin bheagfhorbartha. San Aontas, déanann 92 % de mhná obair chúraim gan íocaíocht go rialta, agus déanann 81 % díobh an obair sin gach lá[1]. Cuireann freagrachtaí cúraim do leanaí, go háirithe do leanaí atá an-óg, srian suntasach ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair[2]. Ag an am céanna, maidir le ráta fostaíochta daoine ag a bhfuil leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois, ba é 90.1 % an ráta a bhí ann i gcás na bhfear, i gcomparáid le 67.2 % i gcás na mban. Ní mór do 7.7 milliún bean san Eoraip a bpatrúin oibre a oiriúnú de bharr freagrachtaí cúraim gan íocaíocht.[3] Caitheann mná níos mó ama ar chúram agus tacaíocht gan íocaíocht agus ar phá íseal ná mar a chaitheann fir, rud a chiallaíonn go mbraitheann a rochtain ar an margadh saothair agus a mhéid a bhfuil siad in ann ról leanúnach a bheith acu sa mhargadh sin ar a bhfreagrachtaí cúraim agus ar an gcaoi a roinntear na freagrachtaí sin[4]. Maidir leis an tuilleamh féideartha a dhéanann na mná d'uireasa mar gheall ar dháileadh neamhchothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht, is ionann an tuilleamh sin agus 242 bhilliún euro ar a laghad in aghaidh na bliana[5]. Baineann dáileadh éagothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht idir fir agus mná, *inter alia*, leis an mbearna phá atá fós idir na hinscní. Ina theannta sin, beidh pinsean scoir níos ísle ag mná de bharr na héagothroime sin, agus is lú seans, dá bhrí sin, go mbeidh siad in ann íoc as an gcúram a theastaíonn uathu, agus is mó an seans go mbeidh siad thíos leis an mbochtaineacht[6]. Tá acmhainneacht mhór ag earnáil an chúraim fhadtéarmaigh, na tacaíochta agus na seirbhísí sóisialta fostaíocht a chruthú, agus meastar go bhféadfaí ocht milliún post a chruthú sna 10 mbliana atá amach romhainn[7].

---

1 Straitéis Cúraim na hEorpa, leathanach 2.

2 EIGE (2023), *A Better Work–Life Balance: bridging the gender care gap* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna inscne sa chúram].
EIGE (2022), *Gender Equality Index 2022: The COVID-19 pandemic and care.* [Innéacs Comhionannais Inscne 2022: Paindéim COVID-19 agus cúram sláinte].
EIGE (2021), *Gender inequalities in care and consequences for the labour market* [Éagothromaíochtaí inscne sa chúram sláinte agus iarmhairtí do mhargadh an tsaothair].
EIGE (2020) *Gender equality and long-term care at home* [Comhionannas inscne agus cúram fadtéarmach ag an mbaile].

3 Coiste Eorpach na Réigiún, Tuairim maidir le straitéis cúraim na hEorpa.

4 Straitéis AE um chomhionannas inscne.
EIGE (2023), *A Better Work–Life Balance: bridging the gender care gap* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna inscne sa chúram].

5 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa 2022.

6 Tuarascáil 2021 maidir le hAosú.
EIGE (2021), *Gender inequalities in care and consequences for the labour market* [Éagothromaíochtaí inscne sa chúram sláinte agus iarmhairtí do mhargadh an tsaothair].

7 CE (2021) *Green Paper on Ageing Fostering solidarity and responsibility between generations* [Páipéar Uaine maidir le hAosú: Dlúthpháirtíocht agus Freagracht a Chothú idir na Glúine].

3. San Eoraip, tiocfaidh méadú 14 % ar líon na ndaoine os cionn 65 bliana d'aois idir 2022 agus 2030 agus beidh méadú 38 % ar an bhfigiúr sin sna 30 bliain atá amach romhainn – go 129.8 milliún[8] - agus faoi 2030, beidh riachtanais chúraim fhadtéarmaigh ag 33.7 milliún agus meastar go n-ardóidh an figiúr sin go 38.1 milliún faoi 2050[9]. Tá an méid sin i gcomhthéacs dúshláin leanúnacha maidir le rochtain ar sheirbhísí cúraim inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán i roinnt mhaith tíortha san Aontas.

4. Tá dul chun cinn déanta chun Spriocanna Barcelona a bunaíodh in 2002 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a bhaint amach. Mar sin féin, mar thoradh ar dhifríochtaí sna córais náisiúnta go pointe áirithe, níl an dul chun cinn céanna déanta ag na Ballstáit, go háirithe maidir leis an ngrúpa leanaí is óige agus maidir le leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Ar an gcúis sin, díríonn Spriocanna nua Barcelona do 2030 ar rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán atá inrochtana agus inacmhainne a fheabhsú agus ar an mbearna rannpháirtíochta san oideachas agus sa cúram na luath-óige a shárú idir daonra foriomlán leanaí agus leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, chomh maith le grúpaí eile leanaí a bhfuil níos lú deiseanna acu, mar shampla leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus leanaí faoi mhíchumas. Tá rochtain éifeachtach ar oideachas agus ar chúram luath-óige ar ardchaighdeán saor in aisce do leanaí atá i ngátar ar cheann de na príomh-mholtaí sa Mholadh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Ina theannta sin, i Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, i gcomhréir le UN CRPD, iarrtar ar na Ballstáit gach leanbh faoi mhíchumas a áireamh san oideachas príomhshrutha. Is éard atá i gceist leis sin suíomhanna oideachais atá saor ó bhacainní a chur ar bun ina bhfuil modhanna teagaisc leordhóthanacha agus pearsanra cáilithe.

8 Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh, PROJ_23NP
9 Tuarascáil ar chúram fadtéarmach, 2021

5. De réir Choiste Eorpach na Réigiún, fadhb uile-Eorpach is ea an ganntanas oibrithe cúraim oilte a bhfuil iarmhairtí forleathana sóisialta ag baint léi[10]. Tá paradacsa sa mhéid is go meastar go bhfuil gníomhaíochtaí cúraim riachtanach do dhea-bhail choiteann na sochaithe, cé go bhfuil tearcluacháil á déanamh fós, i mórán tíortha, ar chúram agus ar obair chúraim agus go bhfuil pá íseal ag gabháil leo den chuid is mó, rud a fhágann go bhfuil droch-ionchais ghairme agus easpa deiseanna oiliúna ann, leibhéil easnamhacha foirne, agus i gcásanna áirithe, nach bhfuil mórán cinnteachta ann ó thaobh na fostaíochta de. Dá bhrí sin, éilíonn an staid reatha cur chuige straitéiseach maidir le cúram, ar cur chuige é ina mbeidh gá le gné na hinscne a phríomhshruthú, agus a bheidh bunaithe ar an mbonn nach ar theaghlach an fhaighteora cúraim amháin a bheidh an fhreagracht as cúram a sholáthar, agus é á aithint ag an am céanna go bhfuil bearta cosanta sóisialta chun cúram inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú ríthábhachtach i dtaca le rochtain. Sa réimse sin, tá ról ag gníomhaithe éagsúla ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear eintitis áitiúla agus réigiúnacha, Ballstáit an Aontais agus institiúidí an Aontais i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach i réimsí an chúraim sláinte, an chúraim fhadtéarmaigh, an chúraim shóisialta agus an oideachais, agus ag na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta, mar a luaitear sa Straitéis Eorpach um Chúram.

**DE BHRÍ:**

6. Go bhfuil cearta daonna i gcroílár na luachanna Eorpacha. Go ndeirtear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Gur comhluachanna ag na Ballstáit iad na luachanna sin i sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir i réim.

10 Coiste Eorpach na Réigiún, Tuairim maidir leis an Straitéis Eorpach um Chúram.

7. Tá an comhionannas inscne ag croílár luachanna an Aontais agus chearta an duine. Is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear sna conarthaí agus a aithnítear in Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.

8. Leis an Straitéis Eorpach um Chúram, bunaítear clár oibre chun feabhas a chur ar an staid agus ar chearta cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla (ar mná iad den chuid is mó) agus faighteoirí cúraim araon. Iarrann sí ar na Ballstáit seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán a ráthú, agus an méid sin a ráthú do sheirbhísí oideachais agus cúraim na luath-óige chomh maith, agus dálaí oibre a bhfuil comhionannas inscne agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr ag gabháil leo a áirithiú do na seirbhísí sin. Tríd an gclár oibre sin a chur chun feidhme, tacófar a thuilleadh le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus cuideofar le spriocanna an Aontais a bhaint amach sna réimsí seo a leanas: an fhostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta do 2030, chomh maith le comhionannas inscne a chur chun cinn. Moltar sa Straitéis freisin go gcothódh na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta idirphlé sóisialta éifeachtach agus go gcuirfidh siad comhaontuithe comhchoiteanna i gcrích le haghaidh earnáil an chúraim, agus é mar chuspóir dálaí oibre cothroma agus pá leordhóthanach a sholáthar d'oibrithe cúraim, chomh maith le gníomhaíocht a dhéanamh chun uas-sciliú agus athsciliú oibrithe cúraim a éascú. Iarrann sí freisin ar na Ballstáit steiréitíopaí inscne a chomhrac agus comhroinnt níos cothroime freagrachtaí cúraim idir mná agus fir a chur chun cinn.

9. Luaitear sa Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 ón gCoimisiún go bhfuil 'Rochtain neamhleor ar sheirbhísí cúraim foirmiúla inacmhainne ar ardchaighdeán ar cheann de na rudaí is mó a spreagann neamhionannas inscne i margadh an tsaothair. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cúraim chun tacú le rannpháirtíocht na mban in obair ar íocaíocht agus lena bhforbairt ghairmiúil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé poist a chruthú do mhná agus d'fhir araon.'

10. Aithnítear in Airteagal 19 de Choinbhinsiún 2006 na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) an ceart chun maireachtáil go neamhspleách agus páirt lárnach iomlán a bheith ag duine sa phobal, agus iarrtar ann bearta chun a áirithiú go mbeidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas a n-áit chónaithe agus an chaoi ar mian leo cónaí a roghnú, agus a roghnú cé leis a gcónóidh siad, mar a dhéanann daoine eile. Ina theannta sin, luaitear ann gur cheart rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar raon seirbhísí tacaíochta baile, cónaithe agus seirbhísí tacaíochta pobail eile chun leithlisiú nó leithscaradh ón bpobal a chosc. Chuige sin, tá gá le hathruithe struchtúracha chun seirbhísí tacaíochta um maireachtáil neamhspleách a chur in ionad aon timpeallacht institiúidithe. Ar an gcaoi sin, athdhearbhaítear sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 gealltanas an Aontais an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe a bhaint amach agus go dtacóidh an Coimisiún le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ina n-iarrachtaí i dtreo an dí-institiúidithe agus chun an maireachtáil neamhspleách a éascú, lena n-áirítear na réitigh tithíochta agus cúraim is fearr. Tathantaíonn sí freisin ar na Ballstáit dea-chleachtais dí-institiúidithe a chur chun feidhme agus cistiú a chur chun cinn agus a fháil do thithíocht shóisialta a bheadh cuimsitheach agus inrochtana ó thaobh míchumais de, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta faoi mhíchumas, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin daoine gan dídean faoi mhíchumas.

11. Sa Mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar an gcúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, moltar go ndéanfadh na Ballstáit soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a ailíniú go leanúnach le riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, agus meascán cothrom de roghanna cúraim fhadtéarmaigh agus de shuíomhanna cúraim á sholáthar chun freastal ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh éagsúla agus chun tacú leis an tsaoirse atá ag daoine a bhfuil cúram de dhíth orthu rogha a dhéanamh, agus lena rannphháirtíocht sa chinnteoireacht, lena n-áirítear trí chúram baile agus cúram pobalbhunaithe a fhorbairt agus/nó a fheabhsú, agus á áirithiú go ndéantar dea-chomhordú ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh le seirbhísí coisctheacha, seirbhísí maidir le haosú sláintiúil agus gníomhach agus seirbhísí sláinte agus go dtacaíonn siad le féinriar agus le maireachtáil neamhspleách, chomh maith le cuimsiú sa phobal i ngach suíomh cúraim fhadtéarmaigh. Iarrtar freisin sa Mholadh ón gComhairle ar na Ballstáit tacú le fostaíocht ar ardchaighdeán agus le dálaí oibre cothroma san earnáil, chun gairmiúlacht an chúraim a fheabhsú, chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar chaighdeán níos fearr a sholáthar agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanas oibrithe. Ag an am céanna, iarrtar ar na Ballstáit cúramóirí neamhghairmiúla a shainaithint agus tacú leo agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí cúraim.

12. Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cúram agus oideachas na luath-óige: is é is aidhm do spriocanna Barcelona 2030 na Ballstáit a spreagadh an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige a mhéadú chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus forbairt shóisialta agus chognaíoch leanaí a fheabhsú, go háirithe i gcás leanaí atá i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, nó leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Chuige sin, molann sí, i measc bearta eile, cóineasú breise aníos a chothú i measc na mBallstát maidir le rannpháirtíocht leanaí in oideachas agus cúram na luath-óige; inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht oideachais agus cúraim na luath-óige a chur chun cinn; agus aird á tabhairt ar mhéid ama atá i gceist le rannpháirtíocht leanaí in oideachas agus cúram na luath-óige agus ar a chomhoiriúnaí atá sé le rannpháirtíocht fhóinteach na dtuismitheoirí i margadh an tsaothair agus ar na cúiseanna a bhíonn le freastal ar dhéine íseal; agus an bhearna rannpháirtíochta idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus an daonra i gcoitinne a dhúnadh.

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI:**

13. Sa Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún (CnaR) maidir leis an straitéis Eorpach um chúram (2023), leagtar béim ar an ngá atá le straitéis chomhpháirteach don tsláinte, don chúram agus don oideachas, lena n-áirítear córas idir-inoibritheachta idir earnálacha a chur i ngníomh, chun cúram fadtéarmach inrochtana a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais na ndaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu agus ar na hoibrithe cúraim araon, agus chun cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana ar ardchaighdeán a áirithiú.

14. Sa Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir leis an straitéis Eorpach um chúram (2022), iarrtar ar na Ballstáit, i measc bearta eile, seirbhísí ar cáilíocht níos fearr a sholáthar ar feadh na saolré; feasacht a mhúscailt trí phríomheilimintí dea-chleachtas maidir le huirlisí agus bonneagar a bhailiú agus a scaipeadh; a áirithiú go mbeidh an comhionannas inscne ina chuid lárnach fós de chur i bhfeidhm na Straitéise, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a chreimeann earnálacha an chúraim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil; na hacmhainní uile a shlógadh chun freastal ar an éileamh ar chúram, ar éileamh éagsúil é, atá ag méadú; agus soghluaisteacht gairmithe cúraim agus imirce lucht saothair ó thíortha nach tíortha den Aontas iad a mheas, mar aon le huirlisí chun an t-éileamh agus an soláthar a mheaitseáil, agus aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí.

15. Leis an tuairim ó CESE a foilsíodh in 2022 faoin teideal 'I dtreo samhail chúraim nua do dhaoine scothaosta: ag foghlaim ó phaindéim COVID-19', dearbhaítear gur gá freagairt ar an iarraidh cúram a dhí-institiúidiú ar bhealach ginearálta do dhaoine scothaosta i dtithe cúraim trí fhéinriar, neamhspleáchas, an cumas atá iontu aire a thabhairt dóibh féin, agus caidreamh sóisialta na ndaoine scothaosta cleithiúnacha a chur chun cinn. Chuige sin, léirítear inti go gciallaíonn sé sin nach mór acmhainní áitiúla sóisialta agus sláinte, cabhair bhaile i bhfad níos struchtúrtha agus níos éifeachtúla, chomh maith le roghanna nua tithíochta a chur ar fáil dóibh, mar shampla tithíocht chosanta, mhaoirsithe, phobalbhunaithe nó chomhchónaithe, nó roghanna eile atá i dtíortha éagsúla san Aontas, ag brath ar riachtanais agus ar roghanna na ndaoine scothaosta a bhfuil a bhféinriar á chailleadh acu. I gcás daoine níos cleithiúnaí, luaitear inti nach mór tithe cúraim thraidisiúnta a athfhorbairt chun go mbeidh an t-eispéireas a bhaineann le maireachtáil i dtimpeallachtaí mar sin níos cosúla le maireachtáil sa bhaile.

16. Leis an tuairim ón gCoiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir dar teideal *The care gap in the EU: a holistic and gender-transformative approach* [An bhearna chúraim san Aontas: cur chuige iomlánaíoch agus claochlaitheach inscne] (2021), cuirtear i bhfios go láidir go mbíonn tionchar diúltach díreach ag an easpa seirbhísí cúraim inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán i bhformhór thíortha an Aontais ar rannpháirtíocht na mban i ngach gné den saol sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil.

17. Leis an tsraith conclúidí seo, cuirtear leis an obair a rinneadh roimhe seo agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún agus leis an obair a rinne páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH,**

**Agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, lena n-áirítear dáileacháin chríochacha inniúlachtaí chomh maith le féinriar na gcomhpháirtithe sóisialta chun an méid seo a leanas a dhéanamh**:

18. Aitheantas a thabhairt don cheart aonair chun cúram a fháil, faoi choinníollacha comhionanna, athchóirithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ionstraimí dlí, nuair is gá, lena saineofar ar bhealach iomlánaíoch an ceart chun cúram leordhóthanach, iomchuí, inacmhainne, duinelárnach, pobalbhunaithe agus ar ardchaighdeán a fháil agus lena n-áiritheofar an ceart sin. Go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil an cúram sin i gcomhréir le rogha an duine, a bhfuil an ceart aige nó aici a bheith faoi thionlacan sa phróiseas sin agus leis an gcinneadh sin. Tugtar le tuiscint leis an gceart chun cúraim go dtabharfar tacaíocht do chúramóirí (e.g. Trí chosaint shóisialta agus oiliúint, comhairleoireacht agus cúram faoisimh a sholáthar), agus aitheantas á thabhairt dá gceart chun cinntí a dhéanamh maidir leis an méid cúraim a thabharfar agus cé dó a dtabharfar an cúram sin, chomh maith leis an gceart chun cothromaíocht oibre is saoil, agus chun dálaí oibre cothroma agus pá cothrom a bheith acu.

19. Bearta a dhéanamh chun éabhlóid an chúraim fhadtéarmaigh agus seirbhísí tacaíochta a threorú i dtreo cur chuige pobalbhunaithe, duinelárnach lena ndéantar gné na hinscne, samhail an mhíchumais maidir le cearta an duine, tacaíocht piaraí, comhtháirgeadh agus frith-idirdhealú trasnach a phríomhshruthú go tráthúil, agus Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta á chur san áireamh, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (a) Cúram agus tacaíocht fhadtéarmach atá, inrochtana, inacmhainne, ar ardchaighdeán agus duinelárnach a áirithiú lena gcuirfear ar chumas na ndaoine sin a dteastaíonn an cúram agus an tacaíocht sin uathu, agus ar mian leo, institiúidiú a chosc, saol faoi dhínit a chaitheamh, féinchinntiúchán a choimeád, a bhféinriar a chaomhnú, maireachtáil go neamhspleách sa phobal agus rialú a fheidhmiú gan bhac ar an áit inar mian leo cónaí, ar an té lenar mian leo cónaí agus ar an gcaoi ar mian leo cónaí.

    (b) Roghanna malartacha maidir le maireachtáil sa phobal agus córais tacaíochta áitiúla a chur chun cinn go láidir lena n-urramaítear toil agus roghanna daoine agus a fhreagraíonn dá riachtanais chúraim.

(c) Tabhairt faoin gclaochlú riachtanach, nuair is gá, ionas go soláthrófar seirbhísí cúraim, lena n-áirítear na cinn a chuireann institiúidí cúraim ar fáil, ar bhonn cúram agus tacaíocht phobalbhunaithe atá duinelárnach, agus a áirithiú go bhfuil córais choimirce ann chun daoine leochaileacha a fhaigheann cúram a chosaint ar gach cineál mí-úsáide.

(d) Gach iarracht a dhéanamh inbhuanaitheacht airgeadais agus lucht saothair i dtaca leis an gcúraim fadtéarmach a áirithiú, mar aon lena leordhóthanacht, a fhor-rochtain agus a chumhdach, agus an gá le nuálaíocht agus cosc á gcur san áireamh.

(e) Cuimsitheacht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh éagsúla agus comhordú éifeachtach eatarthu a chothú, go háirithe idir seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sláinte, ag soláthar punanna seirbhíse atá go hiomlán solúbtha agus pearsantaithe.

(f) Bealaí pearsantaithe agus samhlacha cúraim chomhtháite a cheapadh, mar shampla trí bhainistiú cásanna, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digiteáil.

(g) Gach iarracht a dhéanamh a áirithiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar fáil do ghairmithe i gcúram duinelárnach, cuimsitheach.

(h) Glacadh na réiteach áitiúil pobalbhunaithe nuálach a chur chun cinn lena mbaintear úsáid eiticiúil as an teicneolaíocht agus lena n-úsáidtear uirlisí bunriachtanacha ar nós cistí poiblí agus clásail shóisialta nuálacha i nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus feabhas leanúnach a chur ar chórais cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear cur chuige príomhshruthaithe inscne a chur chun feidhme go córasach.

(i) Gach iarracht a dhéanamh a áirithiú go soláthrófar tacaíocht agus seirbhísí ildisciplíneacha gairmiúla atá duinelárnach don chúram baile agus do thacaíocht phobail, chun freastal mar is ceart ar na riachtanais agus chun rochtain chomhionann a ráthú, go háirithe sna limistéir is tuaithe, sna ceantair oileánacha agus sna limistéir inar tearc an daonra, trí réitigh nuálacha phoiblí agus phoiblí-phríobháideacha a chur chun cinn le rannchuidiú ó pháirtithe leasmhara agus ó chuideachtaí príobháideacha tríú earnáil agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais atá nasctha le hiargúltacht, le hacmhainneacht eacnamaíoch agus le hinscne.

(j) I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an gcúram fadtéarmach, sásraí éifeachtacha a chur chun cinn chun cáilíocht na seirbhísí agus na n-acmhainní a fheabhsú, agus creataí náisiúnta cáilíochta cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt atá bunaithe ar an meastóireacht ar thionchar an chúraim fhadtéarmaigh agus na tacaíochta fadtéarmaí ar cháilíocht saoil daoine.

20. Athrú cultúrtha a chur chun cinn darb aidhm an obair chúraim a athluacháil agus a aithint, idir obair ghairmiúil agus neamhghairmiúil, obair íoctha agus neamhíoctha; deireadh a chur le neamhionannais inscne, claontachtaí inscne agus steiréitíopaí**;** tabhairt faoi aistriú i dtreo comhfhreagracht maidir le cúram, tríd an méid seo a leanas:

(a) Bearta cosanta sóisialta agus bearta tacaíochta do chúramóirí neamhfhoirmiúla a threisiú, mar shampla, trí chur chun feidhme beart tacaíochta agus clár oiliúna ardcháilíochta solúbtha a chur chun cinn sa chúram neamhfhoirmiúil lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch agus oiliúint i scileanna digiteacha.

(b) Sásraí a chothú, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, lena dtugtar tús áite don chothromaíocht oibre is saoil do mhná agus d'fhir araon, mar shampla trí mhodhanna ar nós amchláir níos solúbtha, samhlacha oibre hibrideacha, agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag cúramóirí ar shaoire faoi choinníollacha comhionanna.

(c) Roghanna leordhóthanacha saoire le pá a thairiscint, gan beann ar fhoinse na tacaíochta airgeadais, nach mbeidh tionchar diúltach acu ar infhostaitheacht na mban nó ar a bhfilleadh ar an obair, agus ag an am céanna seirbhísí cothromaíochta oibre is saoil a chur ar fáil lena n-éascófar cur chun feidhme seirbhísí tacaíochta do chúramóirí neamhfhoirmiúla.

(d) Díospóireacht shóisialta a chothú maidir le saincheist an chúraim, mar shampla trí fheachtais múscailte feasachta, trí fhreagracht chomhionann na mban agus na bhfear sa chúram foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chur chun cinn, trí dheireadh a chur leis na steiréitíopaí inscne agus na róil inscne a bhaineann go traidisiúnta leis an obair chúraim, trí tharraingteacht na hoibre cúraim a mhéadú, agus trí aitheantas a thabhairt do luach an chúraim agus don cheart atá ag daoine maidir le tionscadal saoil dá rogha féin agus maidir le dínit.

21. Fir agus buachaillí a rannpháirtiú mar ghníomhairí agus mar thairbhithe an athraithe agus mar chomhpháirtithe straitéiseacha agus comhghuaillithe maidir le comhionannas inscne a bhaint amach i ndáil leis an obair chúraim íoctha agus neamhíoctha.

22. Leibhéil agus caighdeáin na cáilíochta cúraim a ghlacadh, aon uair nach bhfuil sé sin déanta acu go fóill, i gcomhréir leis na prionsabail a áirítear sa dá Mholadh ón gComhairle le déanaí maidir le cúram fadtéarmach agus oideachas agus cúram na luath-óige, agus riachtanais na ndaoine a fhaigheann tacaíocht agus cúramóirí á gcur san áireamh i gcónaí, chomh maith leis na neamhionannais inscne atá ann cheana, agus díriú, mar bhunchuspóir na samhlacha cúraim, ar bhearnaí inscne a dhíothú.

23. Dálaí oibre agus pá atá cuí agus cothrom in earnáil an chúraim agus in oideachas agus i gcúram na luath-óige a chur chun cinn agus féachaint go gcuirtear oiliúint chuí ar na hoibreoirí. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit feabhsú dálaí oibre agus pá a chur chun cinn trí dhálaí oibre a rialáil agus trí idirphlé sóisialta agus, i gcás inarb infheidhme, cómhargáil earnála a chur chun cinn, agus trí íoschaighdeáin agus cóid iompair chorparáideacha a chur chun cinn maidir le cúram ar feadh an tsaoil, comhionannas inscne i ndálaí oibre agus cothromaíocht oibre is saoil.

24. Agus a bhféinriar á urramú go hiomlán, na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun bearta a áireamh i gcomhaontuithe comhchoiteanna chun an bhearna phá idir na hinscní in earnáil an chúraim a dhúnadh, i gcomhréir le prionsabal an phá chomhionainn as obair ar comhionann a luach.

(a) Dálaí oibre agus pá atá cuí agus cothrom a chur chun cinn d’oibrithe cúraim tí, go háirithe do chúramóirí cónaitheacha, agus dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe i seirbhísí cúraim, agus aird ar leith á tabhairt ar obair cúraim tí, ar obair í a dhéanann oibrithe imirceacha ban go minic.

(b) Cosaint oibrithe cúraim a fheabhsú, de réir mar is gá, agus bearta a dhéanamh chun iad a chosaint ar an mbaol ciaptha, ciaptha gnéis agus foréigin san ionad oibre.

(c) A áirithiú go gcuirfear an oiliúint thosaigh agus leanúnach ar fáil d'oibrithe cúraim, chun na scileanna gairmiúla is gá a sholáthar dóibh chun cur ar a gcumas seirbhísí pearsantaithe ardcháilíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht d'fhorbairt scileanna speisialaithe, boga agus digiteacha.

(d) Forbairt ghairmiúil oibrithe cúraim a áirithiú trí oiliúint bhreise a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha agus cúram ardcháilíochta a chur ar fáil atá duinelárnach agus pobalbhunaithe.

(e) Iarraidh ar údaráis chonarthacha úsáid iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil faoi nósanna imeachta soláthair phoiblí chun dálaí oibre cothroma a ráthú d'oibrithe cúraim arna bhfostú ag cuideachtaí ar bronnadh conarthaí poiblí orthu.

(f) Comhar le heintitis an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn chun seirbhísí cúraim agus tacaíochta ardcháilíochta atá duinelárnach agus pobalbhunaithe a cheapadh agus a sholáthar.

(g) Idir bhuachaillí agus chailíní a spreagadh, agus roghanna á ndéanamh acu sa mheánoideachas, machnamh a dhéanamh ar ghairmeacha gairmiúla a bhaineann le cúram ardcháilíochta agus an cúram a luacháil agus a aithint mar ghníomhaíocht riachtanach.

25. Bearta a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Chúram agus le 'Moladh ón gComhairle maidir le hOideachas agus Cúram na Luath-Óige: spriocanna Barcelona do 2030', chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Rannpháirtíocht leanaí in oideachas agus i gcúram na luath-óige inrochtana, inacmhainne agus ardcháilíochta a mhéadú, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus na céimeanna riachtanacha agus réasúnacha a ghlacadh freisin chun an bhearna rannpháirtíochta in oideachas agus i gcúram na luath-óige idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus daonra foriomlán na leanaí a dhúnadh[11] agus difríochtaí sna córais náisiúnta á gcur san áireamh.

---

**11** Agus Moladh 2021/1004 ón gComhairle lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí á chur san áireamh freisin.

(b) Seirbhísí oideachais agus cúraim na luath-óige inacmhainne, inrochtana agus ardcháilíochta a chur ar fáil a bhfuil rochtain éasca orthu freisin i limistéir thuaithe agus i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste, rud a chuirfidh chun cinn rochtain gach buachalla agus gach cailín ar oideachas agus ar chúram na luath-óige.

(c) Oibriú go héifeachtach chun deireadh a chur leis an mbearna ama idir deireadh na saoire teaghlaigh íoctha agus an rochtain, nó, i gcás inarb infheidhme, an teidlíocht dhlíthiúil ar áit in oideachas agus i gcúram na luath-óige.

(d) Saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí, agus uaireanta solúbtha oibre a chur chun cinn i measc na bhfear, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne, chun dáileadh níos cothroime freagrachtaí cúraim agus tacaíochta a éascú idir tuismitheoirí maidir le hobair íoctha agus obair neamhíoctha i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1158, agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil agus rannchuidiú le forbairt an chaidrimh idir an leanbh agus an bheirt tuismitheoirí freisin. Cearta na n-oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu a threisiú chun cáiliú le haghaidh saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí agus chun uaireanta solúbtha oibre a iarraidh, agus feasacht a ardú maidir leis na cearta nua sin agus maidir lena gcur chun feidhme, chomh maith lena áirithiú go mbeidh oideachais agus cúraim na luath-óige ardcháilíochta á soláthar do chúramóirí a oibríonn lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

26. Aird chuí a thabhairt ar dhúshláin chríochacha a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cúraim trí bhearta:

(a) a fhéachann le rochtain ar sheirbhísí cúraim agus tacaíochta ardcháilíochta, inacmhainne atá duinelárnach agus pobalbhunaithe, a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar limistéir faoi mhíbhuntáiste, ar nós limistéir thuaithe, na ceantair oileánacha agus na limistéir inar tearc an daonra nó limistéir iargúlta, trí thionscnaimh nuálacha, i gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis an ngeilleagar sóisialta, leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí na mban agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus leas á bhaint as deiseanna an gheilleagair chúraim, agus úsáid á baint as an teicneolaíocht agus as an digitiú freisin, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis na limistéir sin a dhéanamh níos tarraingtí, agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus cruthú post a mhéadú.

(b) a shainaithníonn éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus leibhéil ioncaim laistigh de limistéir uirbeacha agus a thugann aghaidh orthu, lena n-áiritheofar rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim agus tacaíochta duinelárnach, pobalbhunaithe agus ardcháilíochta trí chomhpháirtíochtaí áitiúla/comharsanachta a chur chun cinn lena sainaithnítear riachtanais, agus teacht ar chomhaontú maidir le straitéisí, lena n-áirítear cláir phobail agus dheonacha, grúpaí comharsanachta, nó cláir dlúthpháirtíochta idirghlúine.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHAR LEIS NA BALLSTÁIT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. Leanúint d'úsáid a bhaint as an Seimeastar Eorpach agus as an Modh Oscailte Comhordúcháin sóisialta, go háirithe tríd an gCoiste um Chosaint Shóisialta, chun faireachán a chur chun cinn, feabhas a chur ar bhailiú sonraí, comhordú agus malartú dea-chleachtais maidir le cúram fadtéarmach.

28. Slógadh agus úsáid éifeachtach acmhainní agus chistí an Aontais a spreagadh chun tacú le cur chun feidhme straitéis cúraim na hEorpa agus na Moltaí ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach agus oideachas agus cúram na luath-óige chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haistriú na gcóras cúraim i dtreo samhlacha iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe chun aitheantas luach an chúraim a fheabhsú agus chun deireadh a chur leis an idirdhealú agus steiréitíopaí inscne.

29. Nuálaíochtaí sóisialta a chur chun cinn lena n-éascaítear an fhoghlaim fhrithpháirteach agus dul chun cinn i dtreo beartais phoiblí níos fearr trí chleachtais atá bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde agus soláthar cúraim nuálaíoch agus tacaíochta agus trí theicneolaíochtaí nuálacha inrochtana agus réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach maidir le soláthar seirbhísí cúraim lena n-éascaítear féinriar agus maireachtáil neamhspleách, ina mbeidh úsáideoirí na seirbhísí, na comhpháirtithe sóisialta agus an geilleagar sóisialta, an tríú hearnáil, an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí na mban páirteach, agus, ag an am céanna, úsáid á baint as uirlisí bunriachtanacha ar nós cistí poiblí Eorpacha agus clásail shóisialta i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

30. Sonraí a bhailiú (e.g. riaracháin agus suirbhéanna) agus forbairt uirlisí, táscairí caighdeánaithe agus sonraí inchomparáide arna n-imdhealú de réir inscne maidir le daoine a fhaigheann cúram fadtéarmach nó a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu, agus maidir le cúramóirí neamhfhoirmiúla – nuair is féidir – chomh maith le cúramóirí gairmiúla, d'fhonn faireachán córasach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cúram inrochtana, inacmhainne agus ardcháilíochta a fhorbairt, i bhfianaise spriocanna Barcelona do 2030 a bhaint amach.

31. Indéantacht cuntas satailíte cúraim agus teaghlaigh a fhiosrú i gcomhar leis na Ballstáit, córais chuntasaíochta thraidisiúnta a leathnú, chun gníomhaíochtaí táirgiúla neamhíoctha a bhaineann le cúram (ar nós cúram fadtéarmach, cúram leanaí, seirbhísí teaghlaigh, etc.) a chur san áireamh agus a luacháil, ar gné thábhachtach de shaol na ndaoine iad gach ceann acu, ach nach bhfuil trácht orthu den chuid is mó i staidreamh eacnamaíoch rialta ar nós olltáirgeacht intíre (OTI), agus ar an gcaoi sin díriú ar rannchuidiú eacnamaíoch na hoibre cúraim neamhíoctha a thomhas agus a mheasúnú, agus úsáid á baint as sonraí imdhealaithe de réir gnéis nuair is féidir.

## Tagairtí


**1. Idirinstitiúideach AE**

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.

https://commission.europa.eu/publications/european-pillar-social-rights-booklet_en

**2. An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh, 13584/20)

Conclúidí ón Uachtaránacht maidir le tionchar an chúraim fhadtéarmaigh ar an gcothromaíocht oibre is saoil (8764/20)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn (14938/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre: Cur chuige saolré (10134/18)

Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12. 2022, lch. 1)

Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige:spriocanna Barcelona do 2030 (*IO C 484, 20.12.2022, lch. 1*)

**3. Parlaimint na hEorpa**

*What if care work were recognised as a driver of sustainable growth?* [Cad a tharlódh dá n-aithneofaí obair chúraim mar údar spreagtha don fhás inbhuanaithe?] Seisiún faisnéise ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2022)

**4. An Coimisiún Eorpach**

*A European Care Strategy for caregivers and care receivers* [Straitéis Eorpach um Chúram le haghaidh cúramóirí agus faighteoirí cúraim] (2022)

*The 2021 Ageing Report: Economic and Budgetary Projections for the EU Member States (2019-2070)* [Tuarascáil 2021 maidir le hAosú:Réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2019-2070)]

*Green Paper on Ageing Fostering solidarity and responsibility between generations* [Páipéar Uaine maidir le hAosú: Dlúthpháirtíocht agus Freagracht a Chothú idir na Glúine] (2021)

*Long-term care report* [Tuarascáil ar chúram fadtéarmach] (2021)

5. **Coiste na Réigiún:**

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Chúram (IO C 157, 3.5.2023, lch. 26)

6. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

EIGE (2023), *A Better Work–Life Balance: bridging the gender care gap.* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna inscne sa chúram].

EIGE (2021), *Gender inequalities in care and consequences for the labour market* [Éagothromaíochtaí inscne sa chúram sláinte agus iarmhairtí do mhargadh an tsaothair].

*Gender Inequalities in care and consequences on the labour market* [Éagothroime Inscne sa chúram agus na hiarmhairtí ar an margadh saothair] (2020)

7. **Na Náisiúin Aontaithe:**

An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. *General comment No. 5 (2017) on living independently and being included in the community* [Barúil ghinearálta Uimh. 5 (2017) maidir le maireachtáil go neamhspleách agus a bheith rannpháirteach sa phobal]

8. **Eile**

*The care gap in the EU: a holistic and gender-transformative approach* [An bhearna chúraim san Aontas: cur chuige iomlánaíoch agus claochlaitheach ó thaobh inscne de)]
An Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir (2021)

*Towards a Stereotype-Free European Union: Opinion on Combatting Gender Stereotypes* [I dtreo Aontas Eorpach gan steiréitíopaí: tuairim maidir le Steiréitíopaí Inscne a Chomhrac]
An Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir (2021)

*Challenges in long-term care in Europe - A study of national policies 2018* [Na dúshláin a bhaineann le cúram fadtéarmach san Eoraip – staidéar ar bheartais náisiúnta 2018], arna fhoilsiú ag an Líonra Eorpach um Beartas Sóisialta.

*Deinstitutionalisation and community living–outcomes and costs: report of a European Study* (tuarascáil ó DECLOC) [Dí-institiúidí agus maireachtáil sa phobal - torthaí agus costais: tuarascáil i Staidéar Eorpach] (tuarascáil ó DECLOC) (Scoil Taighde Eacnamaíochta ar Líne, Londain)

*Report on the Transition from Institutional Care to Community-based Services in 27 Member States of the European Union* [Tuarascáil ar an Aistriú ó Chúram Institiúideach go Seirbhísí Pobalbhunaithe in 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh] (2020) Staidéar arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach; Jan Šiška agus Julie Beadle-Brown a scríobh.